G X 1441

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH
NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND, GALWAY

An Dara Scrúdú Ollscoile, 2002-3

SEIMEASTAR 1

STAIR

Cúrsa HI204 – Éire san Ochtú Céad Déag, 1691-1800

Bernadette Cunningham
An Dr. Vincent Morley
An tOll. Nicholas Canny

An t-am ceadaithe: DHÁ huair a chloig
Freagair TRÍ cheist

1. Cén cur síos is cruinne ar Éirinn san 18ú céad: coilíneacht de chuid na Breataine nó ríocht a bhí nasctha le coróin na Breataine?

2. 'Tar éis 1692, ba pháirtí seasta, cumhachtach í parlaimint na hÉireann i rialú na hÉireann don chéad uair riamh.' (Patrick McNally, *Parties, Patriots and Undertakers: Parliamentary Politics in Early Hanoverian Ireland*). An tuairim sin a phlé.

3. Cad iad na cúiseanna is mó a bhain le fás agus le meath an chórais bainistíochta parlaiminte ar a dtugtar 'córas na ngealltóirí'?

4. 'Sa leathchéad bliain tar éis chonradh Luimnigh is beag polasaí a bhí ag an mBreatain maidir le ceist an chreidimh in Éirinn seachas gníomhú ar ala na huaire de réir mar a tháinig deacrachtaí chun cinn.' (Maureen Wall, 'The quest for Catholic equality'). An tuairim sin a phlé.

5. Cé chomh maith, i do thuairim, a oireann an téarma 'náisiúnaí coilíneach' do <u>*bheirt*</u> ar bith den chúigear seo a leanas: William Molyneux, Jonathan Swift, Charles Lucas, Henry Flood, Henry Grattan?

6. An mó an bhaint a bhí ag Seacaibíteachas na hÉireann leis an litríocht ná leis an bpolaitíocht?

7. Cad iad na tosca is mó a spreag fás na rúnchumann talmhaíochta ó na 1760í amach?

8. 'Tá dul chun cinn [eacnamúil] na hÉireann ón mbliain 1748 i leith chomh mór is a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis, níos mó b'fhéidir ná in aon tír eile san Eoraip.' (Arthur Young, *A Tour in Ireland*, 1780). An tuairim sin a phlé.

9. Cé chomh riachtanach a bhí páirt na nÓglach sa bhfeachtas a bhain neamhspleáchas reachtach amach d'Éirinn sa bhliain 1782?

10. Cé chomh mór a bhí fás na mbailte in Éirinn san ochtú céad déag ag brath ar thrádáil le tíortha eile?

11. 'An comhnamhaid a bhí acu seachas an chomhthuiscint a bhí eatarthu a rinne comhaontas idir Caitlicigh agus Protastúnaigh radacacha, idir lucht na tuaithe agus lucht tráchtála, sna 1790í.' (Nancy Curtin, *The United Irishmen, Popular Politics in Ulster and Dublin 1791-1798*, 1994). An tuairim sin a phlé.

12. 'D'fhág polaitiú agus corraíl na 1790í nárbh fhéidir an tAontas [.i. Acht an Aontais] a sheachaint; an t-aon rogha eile a bhí ann ná scaradh iomlán.' (Dáire Keogh, *The French Disease*, 1993). An tuairim sin a phlé.